



## Nóta Faisnéise SD 0001/2022

### Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta Aitheanta go léir

## COVID-19: Socruithe Nuashonraithe do na Bunscoileanna agus do na Scoileanna Speisialta aitheanta go léir – Eanáir 2022.

### 1. Réamhrá

Tá sé mar chuspóir ag an nóta faisnéise seo breac-chuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí oibríochta atá ar fáil do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta chun an baol a bhaineann le COVID-19 a íoslaghú agus ó tharla go bhfuil an t-athraitheach Oimicrón forleathan. Tá sonraí iomlána maidir leis na socruithe agus na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna ar fáil ar [gov.ie](https://www.gov.ie). Clúdaíonn na socruithe a bhfuil breac-chuntas orthu sa nóta faisnéise seo an tréimhse idir athoscailt ar an 6 Eanáir suas go dtí Dé Céadaoin an 23 Feabhra 2022. Tugtar breac-chuntas freisin ar na socruithe maidir le hionadaíocht múinteoirí le linn na tréimhse sin.

Le linn na paindéime agus thar thréimhse na Nollag, lean an Roinn ar aghaidh lena cuid teagmhála leis na húdaráis sláinte poiblí. Tá athbhreithniú iomlán déanta ag Sláinte Phoiblí ar na bearta atá i bhfeidhm i scoileanna. Tá Sláinte Phoiblí ag leanúint leis an gcomhairle gurb iad an dá bheart is tábhachtaí chun tolgadh agus scaipeadh COVID-19 (agus galair riospráide eile) a chosc ná:

- a chinntiú nach dtagann duine ar bith a bhfuil comharthaí nua túis á léiriú aige nó aici ar scoil, agus;
- go bhfuil na bearta go léir a mholtar um chosc agus rialú ionfhabhtuithe i bhfeidhm ag teacht le pleananna na scoile um fhreagairt do COVID-19.

Is iad na príomhbhearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe atá dírithe ar COVID-19 a choinneáil amach as scoileanna agus an baol a bhaineann le scaipeadh ionfhabhtuithe i scoileanna a laghdú ná sláinteachas lámh cuí a úsáid, glantachán breisithe, dea-chleachtais aerála, maisc a chaitheamh (i gcás na gcohort aoise ábhartha), scaradh fisiciúil a uasmhéadú agus tástáil antaiginí. Tá sé deimhnithe ag Sláinte Phoiblí nach bhfuil aon athrú tagtha ar na bearta seo um chosc agus rialú ionfhabhtuithe.

### 2. Sláinteachas Lámh, Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) agus tacaíochtaí Glantacháin Bhreisithe

Is é an deontas caipitíochta do COVID-19 an córas a úsáidfear go fóill le maoiniú a chur ar fáil chun freastal ar chostais scoile do bhearta a bhaineann le



sláinteachas lámh, riachtanais PPE agus tacaíochtaí glantacháin bhreisithe. Cuireadh amach eolas chuig scoileanna maidir le híocaíochtaí do théarma 2 – Eanáir go Márta 2022 agus cuirfear tuilleadh eolais amach chuig scoileanna roimh íocaíochtaí deontais caipitíochta amach anseo. Féadfaidh scoileanna an maoiniú sin a úsáid chun PPE a sholáthar dá mbaill foirne.

### 3. Aeráil

Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, maidir le tacú le scoileanna chun tabhairt faoi fheabhsúcháin aerála, tá treoir mhaith ar fáil ag

<https://www.gov.ie/en/publication/ad236-guidance-on-ventilation-in-schools/> ar:

- Céimeanna Praiticiúla maidir le Dea-Chleachtais Aerála a Fheidhmiú;
- Monatóirí Dé-Ocsaíde Carbóin (Freagraí ar do Cheisteanna)
- Glantóirí Aeir (Treoir do scoileanna lena n-áirítear Treoir Theicniúil maidir le Glantóir Aeir HEPA, Freagraí ar do Cheisteanna)

De réir Chuid 1 den Treoir thuas, ba cheart a lua nach gá go mbeadh fuinneoga oscailte amach ar fad nuair atá an aimsir fuar/gaofar chun an leibhéal céanna aershreibhe chuig an seomra ranga a bhaint amach. Cuideoidh sé sin chun an chothromaíocht chuí idir aeráil agus leibhéal chompoird a bhaint amach nuair a bhíonn an aimsir fuar. Má osclaítear na fuinneoga go hiomlán ag deireadh gach lae scoile ní gá é sin a dhéanamh arís sula dtosaíonn na ranganna ar maidin agus is cabhair bhreise é chun leibhéal chompoird a bhainistiú ar maidin (ba cheart go gcuirfeadh fuinneoga atá oscailte go páirteach dea-aeráil ar fáil nuair atá seomraí ranga in úsáid).

Ó tharla go bhfuil gach suíomh scoile éagsúil, is iad na scoileanna aonair is fearr atá ábalta bearta cuí a chinneadh dá scoil féin agus tá solúbthacht acu ina leith sin. Cuireadh maoiniú breisithe i leith Deontas Mionoibreacha ar fáil do scoileanna chun tacú le hoibreacha feabhsúcháin ar bith, lena n-áirítear feabhsúcháin aerála nuair atá gá leo. Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh faoin Scéim Deontais um Oibreacha Éigeandála má tá oibreacha um fheabhsúchán aerála ar scála níos mó de dhíth.

Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, is foinse thábhachtach tacaíochta do scoileanna sainchomhairle/cabhair ó Innealtóir Cairte nó ó Ailtire Cláraithe.

D'fhéadfadh sé go mbeadh deis mhaith ag innealtóir nó ag ailtire atá ag obair ar thionscadal sa scoil faoi láthair nó a d'oibrigh ar thionscadal sa scoil roimhe seo roinnt comhairle a thabhairt do scoil i dtús báire maidir le cúrsaí aerála. I gcás go bhfuil drochaeráil fós i seomra/limistéar ar leith i ndiaidh na mbeart a moladh sna *Céimeanna Praiticiúla* a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh comhairle maidir leis an Aonad Glantóra Aeir HEPA atá oiriúnach le húsáid mar bheart breise in éineacht le modhanna aerála eile a bheith san áireamh. Ní mór an bealach a bhfuil an t-aonad Glantóra Aeir HEPA ag teacht le méid, toirt agus socruithe aerála reatha an tseomra ar leith a chur san áireamh.



Bunaíodh foireann thiomnaithe sa Roinn Oideachais chun tacú le scoileanna a bhféadfadh imní a bheith orthu faoi chúrsaí aerála. Is féidir teagmháil a dhéanamh ar ríomhphost le [Schools\\_Ventilation@education.gov.ie](mailto:Schools_Ventilation@education.gov.ie). Tá an foireann ar fáil freisin chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna nuair is gá, agus dul trí na céimeanna ba cheart do scoileanna a ghlacadh chun deachleachtais aerála etc a fheidhmiú. I gcás nach féidir le scoil teacht ar shaineolas innealtóra nó ailtire, agus nuair is gá sin a dhéanamh, is féidir measúnú teicniúil a éascú tríd an Roinn chun cabhrú leis an scoil.

#### **4. Leanáí agus COVID-19 (Bunscoileanna)**

Nuair a chuirtear in iúl do Phríomhoide go bhfuil toradh deimhneach (braite) ar thástáil PCR COVID-19 ag leanbh a bhí ar scoil le linn na tréimhse tógálaí, iarrtar ar phríomhoidí scoile téacs a sheoladh chuig tuismitheoirí eile san fhaighneog chun a chur in iúl dóibh conas is féidir leo teacht ar thástálacha antaiginí saor in aisce dá leanáí san fhaighneog ainmnithe. Má tá breis agus cás deimhnithe amháin PCR i rang, is féidir tástálacha antaiginí a shocrú don rang go léir. Is é an uimhir Saorghlao Antaigine ná: 1800 110055 nó is féidir le tuismitheoirí tástálacha antaiginí a ordú ar líne trí [www.hse.ie/schoolttest](http://www.hse.ie/schoolttest)

Is féidir leis na leanáí go léir san fhaighneog leanúint orthu ag freastal ar an scoil chomh fada agus nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu agus nach bhfuair siad toradh deimhneach ó thástáil antaiginí ná ó thástáil PCR do COVID-19.

Cuirtear tástálacha antaiginí ar fáil do dhaltaí (nó do dhuine ar bith idir 4 agus 39 bliain d'aois) i dtús báire agus ní chuireann siad tástáil PCR in áirithe mura bhfaigheann siad toradh deimhneach ar thástáil antaigine.

**Tabhair faoi deara – má ainmnítear dalta mar DHLÚTH-THEAGMHÁLAÍ cáis ina T(H)EAGHLACH**, beidh air/uirthi srian a chur lena c(h)uid gluaiseachta de réir na dtreoracha náisiúnta um dhlúth-theagmhálaí teaghlaigh agus tástáil do PCR a fháil a luaithe agus is féidir.

#### **5. Leanáí agus COVID-19 (Ranganna Speisialta agus Scoileanna Speisialta)**

Nuair atá cás deimhneach i suíomh oideachais speisialta (scoileanna speisialta agus ranganna speisialta), déanfaidh Sláinte Phoiblí measúnú riosca sláinte poiblí.

Tá sé mar chuspóir ag an measúnú riosca sláinte poiblí seo na chéad chéimeanna cuí eile a shainaithint, arb iad na céimeanna iad is fearr a rachaidh chun leasa do na leanáí go léir sna suíomhanna sin. Déantar é sin mar go n-aithnítear go bhfuil seans níos mó ann go bhfuil leanáí sna suíomhanna sin atá



leochaileach ó thaobh leighis de agus leanaí a bhféadfadh deacrachtaí níos mó a bheith acu maidir le bearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe.

Níor cheart do phríomhoidí sna suíomhanna sin a iarraidh ar thuismitheoirí teacht ar thástáil antaigine ach ba cheart dóibh leanúint orthu faoi threoir na comhairle sláinte poiblí a fuarthas sa chás áirithe sin.

## 6. Líne COVID-19 beo FSS do Phríomhoidí

I gcás fiosruithe ar leith a bhaineann le cásanna deimhnithe de COVID-19 taobh istigh de scoil, lean ort ag úsáid '**Líne COVID-19 beo FSS do Phríomhoidí**' ar **(01) 240 8785**. Beidh an uimhir fóin ag feidhmiú seacht lá na seachtaine ó 8am go dtí 4.30pm ó Luan go hAoine agus ó 10am go dtí 4.30pm ar an Satharn agus ar an Domhnach. Glacfaidh an t-oibritheoir na mionsonraí bunúsacha agus cuirfead iad sin ar fáil go díreach don roinn Sláinte Poiblí ábhartha. Beidh foireann chliniciúil ainmnithe ag gach Roinn Sláinte Poiblí chun freagairt do cheisteanna a chuirtear ar aghaidh ó líne na bpríomhoidí chuig na ranna.

## 7. Ionadaíocht do mhúinteoirí bunscoile

De bhrí go bhfuil líon ard cásanna ann faoi láthair, aithníonn an Roinn go mbeidh gá ag scoileanna go fóill le clúdach ionadaíochta sa bhreis sa tréimhse suas go dtí an briseadh lár téarma chun cabhrú le dul i ngleic le hasláithreach le linn na céime seo de phaindeim COVID-19.

An t-ord chun asláithreach na múinteoirí go léir a chlúdach:

- An painéal soláthair má tá an scoil mar chuid de shocrú um chnuasach painéal soláthair,
- Painéal múinteoirí ionaid rialta na scoile féin,
- An tseirbhís náisiúnta múinteoirí ionaid/Subseeker
- Múinteoirí faoi oiliúint – féach aguisín 1 maidir le socruithe solúbtha sa bhreis do mhic léinn atá ar shocrúchán chun clúdach ionadaíochta a sholáthar,
- Socruithe áitiúla eile amhail an príomhoide riaracháin/an príomhoide riaracháin tánaisteach más infheidhme, nó múinteoirí eile nach múinteoirí ranga iad,
- Aithnítear freisin go bhféadfadh sé go mbeadh líon suntasach leanaí as láthair de bharr COVID-19 nó de bharr a bheith mar dhúth-theagmhálaí i gcúinsí teaghlai agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh líon níos lú sna ranganna.

I ndiaidh cinnidh a ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta i mí na Nollag 2021, táthar ag súil go mbeidh múinteoirí faoi oiliúint atá sa 3ú agus sa 4ú bliain staidéir ina gcúrsa bunoidreachais cláraithe freisin leis an gComhairle



Mhúinteoireachta agus ansin go mbeidh ar a gcumas ionadaíocht a dhéanamh gan an srian a bhaineann leis an riail cúig lá.

Ba cheart go leanfadh scoileanna ar aghaidh agus gach iarracht á déanamh acu múinteoir ionaid a fháil do gach asláithreacht mhúinteora, faoi mar a léiríodh thuas. I gcás go bhfuil an méid sin déanta ag scoil agus go bhfuil deacrachtaí ag an scoil fós féin dóthain de chlúdach ionadaíochta a fháil, moltar do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais i gcásanna den sórt sin agus ríomhphost á sheoladh acu chuig [Covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:Covid19_alert@education.gov.ie) nó glaoch ar an bhfón ar **057 9324461** agus cuirfidh Cigire breis tacaíochta ar fáil. Beidh an líne chabhrach seo ag feidhmiú ó Luan go hAoine 08.00-19.00 agus ar an Satharn agus ar an Domhnach 14.00-19.00.

Sna cúinsí sin ba cheart do scoileanna an oiread den teagasc agus den fhoghlaim pearsanta agus is féidir a sholáthar don oiread daltaí agus is féidir. I ngach cás, ba cheart don scoil, ar a laghad ar bith, fanacht oscailte do theagasc pearsanta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna príomhshrutha. Taobh istigh de rang-ghrúpaí eile, ba cheart do scoileanna tosaíocht a thabhairt do leanaí níos óige do theagasc pearsanta mar gur lú an seans go mbeidh siadsan ábalta iad féin a chur in oiriúint don chianteachas agus don chianfhoghlaim. I gcás nach féidir teagmháil a dhéanamh roimh ré, is féidir le lucht bainistíochta na scoile a mbreithiúnas féin a úsáid agus moltar dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Roinn a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.

I gcás go bhfuil ar mhúinteoirí féin-aonrú nó srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí, bainfidh siad leas as saoire speisialta le pá, ag teacht le [Nóta Faisnéise TC 0027/2021](#) agus [Ciorclán 0042/2021](#). Ba cheart do na múinteoirí sin an chomhairle a léirítear sa Chiorclán a leanúint agus cloí le comhairle sláinte poiblí nua ar bith. Ba cheart go mbeadh múinteoir ar bith atá ábalta don obair ó thaobh sláinte de ach ar comhairlíodh dó/di srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí ar fáil chun cianobair a dhéanamh.

## **8. Ag tacú le foghlaim agus le folláine daltaí le linn na tréimhse seo**

Ba cheart go leanfadh scoileanna ar aghaidh ag tacú le foghlaim agus le folláine daltaí le linn na tréimhse seo. Mura bhfuil ranganna ag freastal ar an scoil go pearsanta, ba cheart gach iarracht a dhéanamh cianfhoghlaim a sholáthar do dhaltaí.

Ba cheart do mhúinteoirí leanúint orthu agus an tuiscint atá acu ar an oideolaíocht agus ar an gcuraclam agus ar na daltaí ina rang a úsáid chun



eispéiris foghlama fiúntacha a sholáthar dóibh le linn tréimhsí cianteachais agus cianfoghhlama. Chuige sin, is iad na príomh-nithe a mbeifear ag súil leo ná:

- **Teagmháil laethúil le daltaí**  
Ba cheart don mhúinteoir/do na múinteoirí a bhfuil sé de chúram orthu tacú le foghlaim daltaí ó chian eispéiris teagaisc agus foghlama laethúla a sholáthar dá gcuid daltaí, agus feidhm á baint acu as modhanna cumarsáide comhaontaithe na scoile. Tabharfaidh na deiseanna laethúla atá ag daltaí teagmháil a dhéanamh lena múinteoir/múinteoirí spreagadh breise do na daltaí, tacóidh siad lena bhfolláine agus neartóidh siad a ndul chun cinn san fhoghlaim.
- **Teagasc ar ardchaighdeán, agus feidhm á baint as cumasc de thascanna/d'eispéiris threoraithe agus neamhspleácha**  
Ba cheart go mbeadh teagasc díreach ón mhúinteoir agus sannadh tascanna foghlama neamhspleácha a bheidh le cur i gcrích ag na daltaí i gceist sa teagmháil idir an mhúinteoir agus an dalta. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú, chomh fada atá sin praiticiúil, go bhfuil teagasc laethúil á sholáthar i dtaca le gnéithe den fhoghlaim ina bhfuil sé sin riachtanach, agus feidhm á baint as cuir chuige éagsúla, lena n-áirítear ceachtanna beo, físeáin réamhthairfeadta, fuaim, bogearraí do chur i láthair agus treoracha scríofa.
- **An seomra ranga a ionsamhlú agus deiseanna foghlama atá cuí agus tarraingteach á n-úsáid**  
Ba cheart na tascanna a leagtar síos do dhaltaí a bhreithniú go cúramach, ó tharla go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag baint leis an leibhéal tacaíochta atá ar fáil do dhaltaí sa bhaile. Níor cheart díriú go príomha ar thascanna a bhaineann leis an leabhar oibre agus leis an téacsleabhar, ba cheart béim níos mó a chur ar fhoghlaim idirghníomhach. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go dtugann na tascanna foghlama a roghnaítear deis do dhaltaí a gcuid foghlama a léiriú ar bhealach atá soiléir agus gonta.
- **Tacaíocht d'Aiseolas dhá bhealach rialta idir an baile agus an scoil**  
Ba cheart do ndéanfadh scoileanna pleanáil d'aiseolas rialta dhá bhealach idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an gcaoi a bhfuil ag éirí le daltaí i gcomhthéacs na cianfoghhlama agus go ndéanfaidís é sin a éascú.



### **9. Líne Chabhrach na Roinne do phríomhoidí scoile**

Má tá ceisteanna breise agat maidir leis an nóta faisnéise seo, déan teagmháil le Líne Chabhrach na Roinne **057 9324461**, le do thoil. Beidh an líne chabhrach seo ag feidhmiú ó Luan go hAoine 08.00-19.00 agus ar an Satharn agus ar an Domhnach 14.00-19.00 le linn na tréimhse seo.

Is féidir ceisteanna a sheoladh ar ríomhphost freisin chuig:

[covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:covid19_alert@education.gov.ie)

**Deirdre Shanley**

**Rúnaí Cúnta**

**Eanáir 2022**



## **Aguisín 1 - Socruithe Oiriúnaithe maidir le Socrúchán Scoile**

Chun a chinntiú go bhféadfaidh múinteoirí faoi oiliúint ag an mbunleibhéal leanúint orthu ag tacú le scoileanna suas go dtí an briseadh lár téarma i mí Feabhra, tá socruithe oiriúnaithe maidir le Socrúchán Scoile forbartha ag an Roinn Oideachais agus ag an gComhairle Mhúinteoireachta in éineacht leis na soláthraithe OTM ábhartha ag an mbunleibhéal.

Baineann na socruithe le socrúchán scoile do mhúinteoirí faoi oiliúint i mBliain a Trí agus i mBliain a Ceathair atá ar chláir (Baitsiléir Oideachais) chomhreachacha i dtaca le hOideachas Tosaigh Múinteoirí Bunscoile agus múinteoirí faoi oiliúint ar chláir leantacha (Máistir Ghairmiúil le hOideachas) de OTM Bunscoile ón am a n-athosclaíonn na scoileanna i mí Eanáir 2022 agus d'fhéadfaí síneadh a chur leis go dtí an briseadh lár téarma i mí Feabhra 2022.

Le linn na tréimhse atá beartaithe don socrúchán scoile, leanfaidh na múinteoirí faoi oiliúint de bheith lonnaithe ina n-óstscoil don socrúchán scoile, ach beidh siad ar fáil freisin chun tacú le scoileanna eile.

- a) Nuair atá an múinteoir faoi oiliúint ar shocrúchán i scoil atá nasctha le painéal soláthair, beidh an múinteoir faoi oiliúint ar fáil chun tacú leis an gcnuasach scoileanna atá nasctha leis an bpainéal soláthair.
- b) Nuair atá an múinteoir faoi oiliúint ar shocrúchán i scoil nach bhfuil nasctha le painéal soláthair, síneoidh an múinteoir faoi oiliúint trí thairseach ainmnithe le bheith ar fáil chun tacú le scoileanna eile sa cheantar sin.

Is féidir le múinteoirí faoi oiliúint obair a dhéanamh mar mhúinteoirí ionaid chun tacú lena n-óstscoil nó chun tacú le scoileanna eile. Nuair nach bhfaigheann múinteoir faoi oiliúint iarratas ar bith chun ionadaíocht a chur ar fáil i scoil ar bith ar lá faoi leith, ní mór dó/dí fanacht ina n-óstscoil.

Níltear ag súil go mbeidh measúnú á dhéanamh ag Institiúidí Ardoideachais ar mhúinteoirí faoi oiliúint le linn na tréimhse seo de shocruithe oiriúnaithe maidir le socrúchán scoile.

Le linn na tréimhse seo de shocruithe oiriúnaithe maidir le socrúchán scoile, beidh teacht ag múinteoirí faoi oiliúint fós féin ar na tacaíochtaí atá ar fáil óna nInstitiúidí Ardoideachais, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí do mhic léinn. Íocfar múinteoirí faoi oiliúint as aon obair ionadaíochta a dhéanann siad le linn na dtréimhsí seo de shocruithe oiriúnaithe maidir le socrúchán scoile.

Tá sé deimhnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta nach gcuirfidh na socruithe oiriúnaithe seo maidir le socrúcháin scoile isteach ar stádas





creidiúnaithe gairmiúil na gclár OTM agus nach gcuirfidh siad bac ar chlárú gairmiúil na gcéimithe a gcuirtear síos orthu sa chreat seo sa todhcháí.

Tá sé i gceist go dtosófar an athuair ar shocruithe maidir le socrúchán scoile measúnaithe i ndiaidh bhriseadh lár téarma mhí Feabhra. Nuair is féidir sin a dhéanamh, agus faoi réir tuilleadh plé idir an Roinn Oideachais, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus na hInstitiúidí Ardoideachais, d'fhéadfaí tús a chur an athuair le socruithe maidir le socrúchán scoile measúnaithe tráth níos luaithe i gcás roinnt múinteoirí faoi oiliúint. Ó mhí an Mhárta 2022 ar aghaidh, tabharfar tús áite do mhúinteoirí faoi oiliúint a bheidh ag fáil ag gcuid céimeanna in 2022 maidir le breathnóireachtaí ar an suíomh agus socrúchán scoile measúnaithe.

Déanfaidh an Roinn Oideachais, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus na hInstitiúidí Ardoideachais agus na páirtithe leasmhara eile monatóireacht ar na socruithe oiriúnaithe seo maidir le socrúchán scoile ar bhonn leanúnach agus cuirfidh siad soiléiriú breise ar fáil nuair is gá.

Táthar ag súil go leanfaidh scoileanna orthu ag tacú go gníomhach le múinteoirí faoi oiliúint le linn na tréimhse de shocruithe oiriúnaithe maidir le socrúchán scoile.